AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 9.6.2026
COM(2026) 460 final

2026/0144 (BUD)

DRÉACHTBHUISÉAD LEASAITHEACH Uimh. 2
A GHABHANN LE BUISÉAD GINEARÁLTA 2026

Nuashonrú maidir le hioncam (acmhainní dílse) agus coigeartuithe ar chaiteachas

Ag féachaint don mhéid seo a leanas: an Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 314 de, i gcomhar leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 106a de,

–

– Cinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh[1], a tháinig i bhfeidhm an 1 Meitheamh 2021,

– Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlú)[2], agus go háirithe Airteagal 44 de,

– buiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh le haghaidh na bliana airgeadais 2026, a glacadh an 26 Samhain 2025[3],

– dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 1/2026 , a glacadh an 10 Aibreán 2026[4],

Leis seo, cuireann an Coimisiún Eorpach dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 2 a ghabhann le buiséad 2026 faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.

ATHRUITHE AR AN RÁITEAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS DE RÉIR ROINNE

Tá na hathruithe ar an ráiteas ginearálta ioncaim agus ar roinn III féin le fáil ar EUR-Lex https://eur-lex.europa.eu/budget/www/index-ga.htm).

[1] Cinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2014/335/AE, Euratom (IO L 424, 15.12.2020, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2020/2053/oj).

[2] IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj.

[3] IO L, 2026/72, 26.2.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/budget/2026/72/oj.

[4] COM(2026) 450, 10.4.2026.

Clár Ábhar

1. RÉAMHRÁ 3

2. NUASHONRÚ AR IONCAM 4

2.1 TIONCHAR FORIOMLÁN DBL 2/2026 AR DHÁILEADH NA NÍOCAÍOCHTAÍ ACMHAINNÍ DÍLSE IOMLÁNA IDIR NA BALLSTÁIT 4
2.2 ATHBHREITHNIÚ AR RÉAMHAISNÉISÍ NA MBONN ADT, CBL, PPW AGUS OIN 5
2.3 RANNÍOCAÍOCHT NA RÍOCHTA AONTAITHE 9
2.4 FÍNEÁLACHA AGUS ÍOCAÍOCHTAÍ PIONÓSACHA 10
2.5 TIONCHAR AR AN RANNÍOCAÍOCHT ACMHAINNE DÍLSE BUNAITHE AR OIN LE HAGHAIDH 2026 10

3. NUASHONRÚ AR MHÍREANNA CAITEACHAIS 12

3.1 LEITHREASUITHE FAOI CHOMHAIR ÍOCAÍOCHTAÍ DON CHOMHTHÁTHÚ AGUS DON CHISTE EORPACH TALMHAÍOCHTA UM FHORBAIRT TUAITHE (CETFT) A ATREISIÚ 12
3.2 ATREISITHE AR CHAITEACHAS TALMHAÍOCHTA 13
3.3 POIST AGUS CREIDMHEASANNA BREISE SA PHLEAN BUNAÍOCHTA LE HAGHAIDH NA HIASACHTA TACAÍOCHTA DON ÚCRÁIN 14
3.4 AISTRITHE Ó EEA CHUIG CLÁR LIFE 15
3.5 ATHRÚ AR NA BARÚLACHA BUISÉADACHA LE HAGHAIDH LÍNE 02 02 02 (RÁTHAÍOCHT AE – ÓN GCISTE INVESTEU – SOLÁTHAR AN CHISTE DON SOLÁTHAR COITEANN) 15

4. MAOINIÚ 16

5. TÁBLA ACHOMAIR DE RÉIR CHEANNTEIDEAL CAI 18

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. RÉAMHRÁ

Le Dréachtbhuiséad Leasaitheach (DBL) Uimh. 2 don bhliain 2026, nuashonraítear an ghné ioncaim agus an ghné chaiteachais den bhuiséad.

A mhéid a bhaineann le taobh an ioncaim, cuirtear san áireamh sa nuashonrú na forbairtí is déanaí maidir leis an méid seo a leanas:

– réamhaisnéisí nuashonraithe na n-acmhainní dílse le haghaidh bhuiséad 2026 a chomhaontaigh an Coiste Comhairleach maidir le hAcmhainní Dílse (CCAD) an 29 Bealtaine 2026. De ghnáth, cuirtear an nuashonrú sin i láthair go gairid tar éis chruinniú réamhaisnéise CCAD, i gcomhréir le hionchais na mBallstát go ndéanfar nuashonruithe CCAD a bhuiséadú a luaithe is féidir;

– an t-ioncam eile amhail fíneálacha agus ranníocaíocht na Ríochta Aontaithe.

A mhéid a bhaineann le taobh an chaiteachais, áirítear na gnéithe sonracha seo a leanas in DBL 2/2026:

– atreisiú EUR 7,6 billiún ar leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí, agus de sin EUR 3,4 billiún le haghaidh Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), EUR 0,6 billiún le haghaidh an Chiste Chomhtháthaithe (CC), EUR 1,4 billiún le haghaidh Chiste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+) agus EUR 2,2 billiún le haghaidh an Chiste Eorpaigh Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT);

– atreisiú ar an gcúlchiste talmhaíochta le haghaidh méid EUR 300 milliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí chun tacaíocht spriocdhírithe eisceachtúil a chur ar fáil d'fheirmeoirí a bhfuil dúshláin mhóra leachtachta rompu, go háirithe mar gheall ar an méadú atá ag teacht ar chostas leasachán;

– atreisiú ar an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) le haghaidh méid EUR 140 milliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí chun a áirithiú go n-aisíocfar caiteachas CERT go tráthúil leis na Ballstáit;

– méadú ar líon na bpost sa phlean bunaíochta don Choimisiún, atreisiú ar an gcaiteachas riaracháin faoi cheannteideal 7 agus atreisiú ar an líne tacaíochta le haghaidh gníomhaíochtaí iasachtaíochta agus bainistithe fiachais chun riar éifeachtach na hIasachta Tacaíochta don Úcráin a áirithiú, i gcomhréir leis an Ráiteas Reachtach Airgeadais agus Digiteach gaolmhar;

– dhá aistriú atá neodrach ó thaobh an bhuiséid de ón nGníomhaireacht Eorpach Comhshaoil (EEA) ar ais chuig clár LIFE tar éis tharraingt siar an togra Eorpaigh maidir le faireachán ar fhoraoisí agus moilleanna ar ghlacadh na Treorach maidir le Maímh Ghlasa;

– athruithe ar na nótaí tráchta buiséid le haghaidh líne bhuiséid 02 02 02 (*Ráthaíocht AE ó Chiste InvestEU – Soláthar an chiste don soláthar coiteann*) chun freastal ar an bhféidearthacht atá ag na Ballstáit cistí ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (STA) a ranníoc le hionstraim airgeadais InvestEU, de réir Rialachán Omnibus II maidir le InvestEU.

Ar an iomlán, is é tionchar glan DBL 2/2026 ar chaiteachas ná méadú EUR 444,2 milliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus méadú EUR 8,0 billiún i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.

2. NUASHONRÚ AR IONCAM

2.1 Tionchar foriomlán DBL 2/2026 ar dháileadh na n-íocaíochtaí acmhainní dílse iomlána idir na Ballstáit

Comhaontaíodh na réamhaisnéisí athbhreithnithe le haghaidh 2026 ag an 197ú cruinniú de chuid CCAD an 29 Bealtaine 2026. Tá gá leis na coigeartuithe ar ghné ioncaim an bhuiséid chun na meastacháin ar Acmhainní Dílse Traidisiúnta (ADT) agus na hacmhainní dílse atá bunaithe ar an gCáin Bhreisluacha (CBL), ar Dhramhaíl ó Phacáistíocht Phlaisteach neamh-athchúrsáilte (PPW) agus ar Ollioncam Náisiúnta (OIN) a thabhairt cothrom le dáta, agus réamhaisnéisí eacnamaíocha an earraigh 2026 á gcur san áireamh (féach roinn 2.2).

Thairis sin, déantar méid na n-ioncam eile a thabhairt cothrom le dáta chun ranníocaíocht athbhreithnithe na Ríochta Aontaithe, chomh maith le fíneálacha agus íocaíochtaí pionósacha arna mbriseadh go cinntitheach ó bhí an 1 Eanáir 2026 ann, a chur san áireamh (féach ranna 2.3 agus 2.4, faoi seach).

Léirítear tionchar foriomlán choigeartuithe ioncaim uile an DBL seo sa tábla achomair thíos. Léirítear sa tábla sin freisin dáileadh na n-íocaíochtaí acmhainní dílse iomlána i measc na mBallstát mar a dhéantar iad a bhuiséadú i mbuiséad tosaigh 2026, mar a áirítear in DBL 1/2026 agus ar deireadh mar a áirítear in DBL 2/2026 seo.

Dáileadh na n-íocaíochtaí acmhainní dílse iomlána arna ndéanamh ag na Ballstáit (i milliúin EUR)

	Buiséad 2026	**DBL 1/2026**	**DBL 2/2026**
	(1)	(2)	(3)
BE	8 315,2	8 243,3	8 730,7
BG	1 187,9	1 175,8	1 226,7
CZ	3 375,6	3 338,9	3 572,1
DK	3 858,4	3 809,9	3 799,4
DE	41 374,0	40 861,9	42 837,6
EE	430,4	425,7	449,2
IE	4 159,8	4 114,8	4 557,9
EL	2 635,5	2 607,8	2 733,0
ES	18 097,8	17 909,0	18 699,7
FR	30 881,0	30 541,5	31 040,0
HR	966,8	956,3	1 003,5
IT	23 068,8	22 818,2	23 634,9
CY	355,4	351,7	363,4
LV	442,8	438,1	454,2
LT	876,3	867,0	919,1
LU	570,9	564,3	596,4
HU	2 369,5	2 345,2	2 543,9
MT	228,4	226,0	247,7
NL	11 800,1	11 666,4	12 020,6
AT	4 204,4	4 149,1	4 392,2

PL	9 905,4	9 802,4	10 355,1
PT	3 205,2	3 171,8	3 292,1
RO	4 001,0	3 957,1	3 972,9
SI	846,4	838,5	888,0
SK	1 476,0	1 460,8	1 392,8
FI	2 842,3	2 810,0	2 831,3
SE	5 080,1	5 008,6	5 268,8
AE	**186 555,5**	**184 460,2**	**191 823,1**

2.2 Athbhreithniú ar réamhaisnéisí na mbonn ADT, CBL, PPW agus OIN

I gcomhréir le hAirteagal 44(1), an chéad fhomhír, pointe (b), den Rialachán Airgeadais[5], tá sé beartaithe ag an gCoimisiún maoiniú an bhuiséid a athbhreithniú ar bhonn réamhaisnéisí eacnamaíocha nuashonraithe. De réir an chleachtais sheanbhunaithe, comhaontaítear na réamhaisnéisí athbhreithnithe ioncaim leis na Ballstáit i nós imeachta réamhaisnéise CCAD.

Baineann an t-athbhreithniú leis an réamhaisnéis maidir le ADT atá le híoc leis an mbuiséad in 2026, chomh maith le réamhaisnéis na mbonn CBL, PPW agus OIN le haghaidh 2026. An réamhaisnéis a áirítear i mbuiséad 2026 a glacadh, comhaontaíodh í ag an 194ú cruinniú de chuid CCAD a reáchtáladh an 26 Bealtaine 2025. Cuirtear san áireamh san athbhreithniú sa DBL 2/2026 seo na réamhaisnéisí a comhaontaíodh ag an 197ú cruinniú de chuid CCAD a reáchtáladh an 29 Bealtaine 2026. Tríd an réamhaisnéis maidir le hacmhainní dílse a thabhairt cothrom le dáta, feabhsaítear cruinneas na réamh-mheastachán ioncaim, lena n-áirithítear go ndéanfar ranníocaíochtaí na mBallstát le buiséad an Aontais a ailíniú ar bhealach níos cruinne le riachtanais airgeadais iarbhír le linn na bliana buiséadaí.

Tá réamh-mheastacháin ioncaim an Choimisiúin bunaithe ar réamhaisnéis eacnamaíoch an earraigh 2026 ón gCoimisiún[6], ina dtuartar gníomhaíocht eacnamaíoch níos laige in 2026 de réir mar a spreagann an choinbhleacht sa Mheánoirthear suaitheadh nua fuinnimh, rud a chuireann an boilsciú i réim arís agus a mhaolaíonn meon eacnamaíoch.

Roimh dheireadh mhí Feabhra 2026, bhí coinne leis go leanfadh geilleagar an Aontais de bheith ag fás ar luas measartha in éineacht le laghdú breise ar an ráta boilscithe, ach tá athrú suntasach tagtha ar an ionchas ó thús na coinbhleachta. Thosaigh méadú ag teacht ar an mboilsciú i mí an Mhárta 2026, mar gheall ar an méadú géar ar phraghsanna tráchtearraí fuinnimh, agus tá an ghníomhaíocht eacnamaíoch ag cailleadh móimintim.

Mar thoradh air sin, réamh-mheastar anois go dtiocfaidh moill ar fhás OTI san Aontas go 1,1 % in 2026 – rud atá ina athbhreithniú anuas 0,3 pointe céatadáin ó réamh-mheastachán Réamhaisnéis Eacnamaíoch Fhómhar 2025 (1,4 %) agus laghdú i gcomparáid leis an bhfás 1,5 % in 2025. Táthar ag súil le go mbeidh fás OTI chomh hard le 1,4 % in 2027. Meastar go sroichfidh an ráta boilscithe san Aontas 3,1 % in 2026 – pointe céatadáin iomlán níos airde ná mar a tuaradh roimhe seo – ráta a laghdóidh arís ansin go 2,4 % in 2027.

Cuireann réamhaisnéis ADT leis na réamh-mheastacháin ar allmhairí ó lasmuigh den Aontas i réamhaisnéis eacnamaíoch an Earraigh 2026 ón gCoimisiún. Tá fás an Aontais lagaithe ach níl sé scriosta agus tuartar go leanfaidh an trádáil dhomhanda de bheith ag fás le linn na tréimhse

5 Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlú), IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj).

6 An Coimisiún Eorpach, 2026, Réamhaisnéis Eacnamaíoch na hEorpa, Earrach 2026, Geilleagar na hEorpa, Páipéar Institiúideach 341.

réamhaisnéise, cé go mbeidh sí ag moilliú. D'ainneoin an mhéadaithe mhóir ar tharaifí na Stát Aontaithe, na héiginnteachta thar a bheith ard maidir leis an mbeartas trádála, agus an teannais gheopholaitiúil, tháinig méadú mór 4,3 % ar an trádáil dhomhanda in 2025. Tacaíodh leis sin le trádáil láidir a bhaineann leis an teicneolaíocht, tús-ualú allmhairí SAM, agus leathnú láidir leanúnach na trádála a bhaineann le seirbhísí – treocht struchtúrach a léiríonn sciar méadaitheach na seirbhísí sa trádáil dhomhanda.

Tar éis roinnt blianta d'fheidhmíocht lagaithe, tháinig roinnt téarnaimh ar mhórgheilleagair shárfhorbartha, lena n-áirítear an tAontas, an Ríocht Aontaithe agus an tSeapáin, sa trádáil i dtráchtearraí in 2025. Cé go meastar go leanfaidh na bunchúiseanna sin de thacaíocht a thabhairt don trádáil dhomhanda, beidh an fás bliantúil in 2026 níos ísle, ós rud é gur áiríodh tús-ualú allmhairí ó 2026 i bhfigiúirí trádála 2025. Thairis sin, éifeachtaí seach-iarmharta na coinbhleachta sa Mheánoirthear ar shreafaí trádála fuinnimh, ar shlabhraí soláthair agus ar chostais loingseoireachta, beidh tionchar acu freisin ar an trádáil dhomhanda in 2026. Mar thoradh air sin, meastar go maolóidh fás na trádála domhanda go 2,1 % in 2026, ag filleadh go ginearálta ar an treocht a bhí ann le déanaí maidir le leathnú beagán faoi bhun fhás OTI an domhain. Réamh-mheastar go neartóidh an ghníomhaíocht eacnamaíoch dhomhanda in 2027, agus meastar go dtiocfaidh dlús leis an bhfás trádála domhanda go 3 % dá bharr.

An cás eacnamaíoch atá ina bhonn le buiséad 2026, tá sé ina bhonn taca leis na meastacháin is déanaí maidir le hAcmhainní Dílse Traidisiúnta agus boinn mheasta na n-acmhainní dílse eile:

- Tuartar go mbaileofar EUR 24 350,2 milliún ar an iomlán i ndleachtanna custaim in 2026, gan costais bhailiúcháin 25 % a áireamh, ar laghdú 14,0 % é sin i gcomparáid leis an réamhaisnéis EUR 21 368,3 milliún atá san áireamh i mbuiséad 2026. Rinne an Coimisiún comparáid idir torthaí mhodh traidisiúnta réamhaisnéise CCAD (ar bhonn na rátaí fáis atá tuartha d'allmhairí ó lasmuigh den Aontas) agus torthaí an mhodha eachtarshuímh (ar bhonn na sonraí olltoraidh is déanaí maidir le dleachtanna custaim a bailíodh, i.e. mí Eanáir – mí Aibreáin 2026). Mar atá tarlaithe le blianta beaga anuas, glacann an Coimisiún cur chuige coimeádach lena n-áirithítear bainistíocht fhónta airgeadais ar bhuiséad an Aontais i gcomhthéacs na luaineachta agus na neamhchinnteachta móire eacnamaíche agus airgeadais. Dá bhrí sin, tá sé beartaithe an modh réamhaisnéise traidisiúnta a úsáid chun athbhreithniú a dhéanamh ar réamhaisnéis ADT 2026. Is é an toradh atá air sin ioncam níos airde de thart ar EUR 3,0 billiún i gcomparáid le buiséad 2026 a glacadh.
- Tuartar gurb é EUR 8 407 456,0 milliún bonn CBL neamhchaidhpeáilte iomlán an Aontais i gcomhair 2026, ar méadú 1,2 % é sin i gcomparáid leis an réamhaisnéis EUR 8 305 297,6 milliún i mí na Bealtaine 2025 a iontráladh i mbuiséad 2026 a glacadh. Tuartar gurb é EUR 8 362 091,2 milliún bonn CBL caidhpeáilte iomlán an Aontais[7] i gcomhair 2026 , ar méadú 1,3 % é sin i gcomparáid leis an réamhaisnéis EUR 8 252 480,7 milliún i mí na Bealtaine 2025. Cuirtear ranníocaíochtaí na mBallstát atá bunaithe ar an acmhainn dhílis atá bunaithe ar CBL caidhpeáilte i láthair i dTáblaí 2 agus 6 den iarscríbhinn bhuiséadach atá i gceangal.
- Is é 9 031 215,2 tona an réamhaisnéis maidir le PPW neamh-athchúrsáilte san Aontas in 2026, ar laghdú 4,1 % é sin i gcomparáid leis an réamhaisnéis 9 422 229,9 tona i mí na Bealtaine 2025. Cuirtear ranníocaíochtaí na mBallstát atá bunaithe ar an acmhainn dhílis atá bunaithe ar PPW neamh-athchúrsáilte i láthair i dTáblaí 3 agus 6 den iarscríbhinn bhuiséadach atá i gceangal.
- Tuartar gurb é EUR 19 456 074,9 milliún bonn OIN iomlán an Aontais le haghaidh 2026, ar méadú beag 0,9 % é sin i gcomparáid leis an réamhaisnéis EUR 19 277 897,8 milliún i mí na Bealtaine 2025.

[7] Sonraítear i bpointe (b) d'Airteagal 2(1) den Chinneadh maidir le hAcmhainní Dílse 2020 nach rachaidh an bonn CBL thar 50 % de OIN i gcás gach Ballstáit. I gcás DBL 2/2026, déanfar an bonn CBL sa Bhulgáir, san Eastóin, sa Chróit, sa Chipir, i Lucsamburg, i Málta agus sa Phortaingéil a uasteorannú ag 50 % de OIN.

Baineadh úsáid as rátaí malairte an 31 Nollaig 2025 chun na boinn thuartha CBL agus OIN sna hairgeadraí náisiúnta a thiontú go EUR, le haghaidh na sé Bhallstát nach baill den limistéar euro iad. Seachnaíonn sé sin saobhadh, ós rud é gurb ionann na rátaí sin agus na rátaí a úsáidtear chun íocaíochtaí acmhainní dílse buiséadaithe a chomhshó ó EUR go hairgeadraí náisiúnta nuair a ghlaoitear isteach na méideanna, mar a shonraítear in Airteagal 10a(1) de Rialachán 609/2014 ón gComhairle[8].

Leagtar amach sa tábla seo a leanas réamhaisnéisí athbhreithnithe ADT, boinn CBL neamhchaidhpeáilte, boinn PPW neamh-athchúrsáilte agus boinn OIN le haghaidh 2026, mar a glacadh iad ag an 197ú cruinniú de chuid CCAD:

[8] Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 609/2014 ón gComhairle an 26 Bealtaine 2014 maidir leis na modhanna agus an nós imeachta chun acmhainní dílse traidisiúnta, acmhainní dílse atá bunaithe ar CBL agus acmhainní dílse atá bunaithe ar OIN a chur ar fáil agus maidir leis na bearta chun riachtanais airgid a chomhlíonadh (IO L 168, 7.6.2014, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/609/oj), arna leasú go deireanach le Rialachán (AE, Euratom) 2022/615 ón gComhairle an 5 Aibreán 2022 (IO L 115, 13.4.2022, lch. 51, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2022/615/oj).

Réamhaisnéisí athbhreithnithe na mbonn ADT, CBL, PPW agus OIN le haghaidh 2026

	Custam (75 %)	Boinn CBL neamhchaidhpeáilte	Boinn PPW neamh-athchúrsáilte	Boinn OIN	Caidhpeáilte Boinn CBL[9]
	EUR milliúin		tonaí	EUR milliúin	
BE	2 855,0	246 029,8	146 503,6	672 147,0	246 029,8
BG	156,1	60 063,1	60 461,3	116 421,7	58 210,9
CZ	413,5	143 348,2	145 795,3	354 006,6	143 348,2
DK	428,2	159 274,8	172 954,0	431 570,7	159 274,8
DE	4 766,7	1 926 197,6	1 478 042,3	4 775 859,1	1 926 197,6
EE	43,0	23 811,3	26 725,6	43 348,5	21 674,3
IE	493,7	148 033,2	254 421,8	457 422,9	148 033,2
EL	339,5	122 227,0	181 433,0	256 347,3	122 227,0
ES	2 274,0	837 957,2	1 018 137,6	1 772 531,0	837 957,2
FR	2 195,0	1 411 044,9	1 745 591,1	3 108 161,9	1 411 044,9
HR	75,0	61 109,5	54 536,8	100 104,7	50 052,4
IT	2 648,2	990 709,1	1 130 437,1	2 315 423,8	990 709,1
CY	50,4	25 019,4	12 021,5	34 156,5	17 078,3
LV	49,1	22 084,6	11 499,3	44 931,3	22 084,6
LT	111,0	38 876,9	61 719,7	87 169,6	38 876,9
LU	14,2	47 306,5	12 474,1	63 794,7	31 897,4
HU	303,1	94 679,0	303 973,2	233 440,3	94 679,0
MT	29,2	12 308,4	15 047,1	23 174,5	11 587,3
NL	3 554,8	526 063,9	268 462,8	1 212 988,5	526 063,9
AT	239,5	250 293,0	190 742,5	529 021,8	250 293,0
PL	1 448,3	463 931,3	648 814,9	952 307,6	463 931,3
PT	304,0	164 482,0	226 139,0	316 470,2	158 235,1
RO	372,7	143 594,9	378 921,2	391 778,3	143 594,9
SI	215,8	33 946,8	31 986,2	73 774,1	33 946,8
SK	141,6	56 888,5	65 660,5	139 903,8	56 888,5
FI	159,3	135 868,5	115 055,4	290 836,4	135 868,5
SE	669,3	262 306,6	273 658,3	658 982,1	262 306,6
AE	**24 350,2**	**8 407 456,0**	**9 031 215,2**	**19 456 074,9**	**8 362 091,2**

[9] Is ó na boinn CBL chaidhpeáilte a tháinig na méideanna atá aibhsithe i ndath liath, mar a mhínítear i bhfonóta 8 thuas.

2.3 Ranníocaíocht na Ríochta Aontaithe

Tá ranníocaíocht na Ríochta Aontaithe le híoc i gcomhréir le hAirteagal 148 den Chomhaontú maidir leis an Ríocht Aontaithe a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach (an 'Comhaontú um Tharraingt Siar')[10] agus cumhdaítear léi go háirithe sciar na Ríochta Aontaithe sna gealltanais gan íoc roimh 2021 atá le híoc in 2026, chomh maith le sciar na Ríochta Aontaithe i ndliteanais an Aontais (amhail pinsin), i bhfíneálacha agus sna dliteanais airgeadais theagmhasacha. Áirítear i ranníocaíocht fhoriomlán na Ríochta Aontaithe freisin na méideanna atá dlite don Ríocht Aontaithe i ndáil le ceartuithe agus coigeartuithe acmhainní dílse le haghaidh na mblianta airgeadais go dtí 2021.

Tá ranníocaíocht na Ríochta Aontaithe bunaithe ar sciar na Ríochta Aontaithe[11], a ríomhtar mar an cóimheas idir na hacmhainní dílse a chuir an Ríocht Aontaithe ar fáil sna blianta 2014 go 2020 agus na hacmhainní dílse a chuir na Ballstáit uile, lena n-áirítear an Ríocht Aontaithe, ar fáil le linn na tréimhse sin. Rinneadh sciar na Ríochta Aontaithe a choigeartú in 2022 i gcomhréir le hAirteagal 139 den Chomhaontú um Tharraingt Siar. Socraíodh sciar cinntitheach na Ríochta Aontaithe ag 12,431681219587700 %.

Cuirtear i láthair sa tábla thíos ranníocaíocht nuashonraithe na Ríochta Aontaithe le buiséad 2026. Áirítear ann na heilimintí a d'íoc an Ríocht Aontaithe cheana féin idir mí Eanáir agus mí na Bealtaine 2026 mar chuid de shonrasc mhí Mheán Fómhair 2025, na heilimintí a áiríodh i sonrasc mhí Aibreáin 2026, agus meastacháin le haghaidh na n-eilimintí atá le cur san áireamh i sonrasc mhí Mheán Fómhair 2026 atá ar eolas ag an gcéim seo. Mar thoradh ar an nuashonrú, tá ranníocaíocht níos ísle ón Ríocht Aontaithe i gcomparáid leis an meastachán a áirítear i mbuiséad 2026, go príomha mar gheall ar chur chun feidhme RAL Brexit níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis in 2025 chomh maith leis na méideanna tuairiscithe de dhliteanais theagmhasacha, glancheartúcháin airgeadais agus fíneálacha. Déantar an méid athbhreithnithe de ranníocaíocht na Ríochta Aontaithe a áirítear in DBL 2/2026 a ríomh agus na módúlachtaí íocaíochta a leagtar amach in Airteagal 148 den Chomhaontú um Tharraingt Siar á gcur san áireamh.

Dá bhrí sin, tá sé beartaithe an meastachán a tugadh isteach i mbuiséad 2026 a thabhairt cothrom le dáta dá réir sin. Ar an iomlán, laghdóidh sé sin ranníocaíocht mheasta na Ríochta Aontaithe le buiséad 2026 faoi EUR 562,9 mhilliún mar thoradh ar an laghdú EUR 557,8 milliún ar ioncam ginearálta agus ar an laghdú EUR 5,1 mhilliún ar ioncam sannta.

Ranníocaíocht nuashonraithe na Ríochta Aontaithe in 2026 (in EUR)

	Tagairt don Airteagal den Chomhaontú um Tharraingt Siar	**2026**
Ranníocaíocht iomlán na Ríochta Aontaithe in 2026, agus de sin:		**478 248 868**
1. RAL roimh 2021 (lena n-áirítear glancheartúcháin airgeadais) - le híoc in 2026	Airteagal 140	371 149 808
2. Dliteanais/pinsin an Aontais*	Airteagal 142	355 397 735
3. Ceartuithe agus coigeartuithe acmhainní dílse, agus de sin:		130 223 924
3.1 Barrachas/easnamh 2020	Airteagal 136(3)(a)	*neamhbhainteach*
3.2 Nuashonruithe ar cheartúchán na Ríochta Aontaithe (2018-2019)	Airteagal 136	*neamhbhainteach*
3.3. CBL & OIN	Airteagal 136	*105 372 390*
3.4. ADT	Airteagal 136, Airteagal 140(4)	*24 851 534*
4. Fíneálacha	Airteagal 141	-145 901 554

[10] Comhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, (IO L 29, 31.1.2020, lch. 7, ELI: http://data.europa.eu/eli/treaty/withd_2020/sign).

[11] Dá dtagraítear i bpointí (a) agus (c) d'Airteagal 136(3) agus in Airteagail 140 go 147 den Chomhaontú um Tharraingt Siar.

	Tagairt don Airteagal den Chomhaontú um Tharraingt Siar	2026
5. Dliteanais theagmhasacha, agus de sin:		-233 890 775
5.1 Sainordú Iasachtaithe Sheachtraigh, CEIS, CEFI, iasachtaí (Cistí ráthaíochta)	Airteagal 143	*-198 269 614*
5.2 Ionstraimí Airgeadais	Airteagal 144	*42 661 537*
5.3 Cásanna dlí (lena n-áirítear fineálacha)	Airteagal 147	*7 040 376*
6. Glansócmhainní ECSC	Airteagal 145	neamhbhainteach
7. Infheistíocht CEI	Airteagal 146	neamhbhainteach
8. Rochtain ar líonraí/córais/bunachair sonraí**	Airteagal 34(2), Airteagail 50 agus 53, Airteagal 62(2), Airteagal 63(1)(e), Airteagal 63(2), Airteagal 99(3), Airteagal 100(2)	1 269 729
** Cuirfear méid EUR 326 mhilliún isteach i mbuiséad an Aontais mar ioncam sannta.* *** Le cur isteach i mbuiséad an Aontais mar ioncam sannta.*		

2.4 Fíneálacha agus íocaíochtaí pionósacha

I bhfianaise na bhfíneálacha agus na n-íocaíochtaí pionósacha a briseadh ón bhí an 1 Eanáir ann, tá sé beartaithe na méideanna seo a leanas a iontráil i mbuiséad 2026:

a) EUR 855 mhilliún d'fhíneálacha iomaíochta.
a) EUR 268 milliún d'íocaíochtaí pionósacha agus de chnapshuimeanna a forchuireadh ar Bhallstáit nár chomhlíon breithiúnais Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh sa mhéid gur theip orthu oibleagáid faoi na Conarthaí a chomhlíonadh.
a) EUR 97,5 milliún d'ús a bhaineann le fíneálacha agus íocaíochtaí pionósacha.
a) EUR 22,7 milliún de thorthaí diúltacha ar fhíneálacha a cuireadh ar ceal nó a laghdaíodh.
a) EUR 0,8 mhilliún d'fhíneálacha agus d'íocaíochtaí pionósacha neamhshannta eile, le haghaidh préimheanna astaíochtaí iomarcacha den chuid is mó.

Tá sé beartaithe, dá bhrí sin, méadú EUR 1 199 milliún a chur leis an méid tosaigh de EUR 101 mhilliún a tugadh isteach i mbuiséad 2026, le go mbeadh iomlán EUR 1 300 milliún sa mhéid sin.

Taispeántar an mionsonra de réir líne sa tábla thíos.

EUR

Líne ioncaim	Ainm	Buiséad 2026	DBL 2/2026	Méid nua
4 2 0	Fíneálacha a bhaineann le cur chun feidhme na rialacha iomaíochta	100 000 000	855 327 953	955 327 953
4 2 1	Íocaíochtaí pionósacha agus cnapshuimeanna arna bhforchur ar Bhallstát	p.m.	268 063 119	268 063 119
4 2 4	Ús a bhaineann le fíneálacha agus íocaíochtaí pionósacha	1 000 000	97 536 784	98 536 784
4 2 5	Ús, agus muirir eile atá dlite agus torthaí diúltacha ar fhíneálacha a cealaíodh nó a laghdaíodh	p.m.	-22 715 250	-22 715 250
4 2 9	Fíneálacha agus íocaíochtaí pionósacha neamhshannta eile	p.m.	865 504	865 504
Iomlán		**101 000 000**	**1 199 078 110**	**1 300 078 110**

2.5 Tionchar ar an ranníocaíocht acmhainne dílse bunaithe ar OIN le haghaidh 2026

Agus na réamhaisnéisí athbhreithnithe le haghaidh ADT, le haghaidh na hacmhainne dílse atá bunaithe ar CBL agus le haghaidh na hacmhainne dílse atá bunaithe ar PPW neamh-athchúrsáilte á gcur san áireamh, tá méadú EUR 2 997,9 milliún tagtha ar mhéid na n-acmhainní dílse seachas OIN. In éineacht le méadú EUR 641,3 milliún ar ioncaim eile (mar éifeacht chomhcheangailte an mhéadaithe

EUR 1 199,1 milliún ar ioncam ó fhíneálacha agus an laghdaithe EUR 557,8 milliún ar ranníocaíocht na Ríochta Aontaithe) agus le méadú EUR 8 mbilliún ar leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí, méadaítear leis sin ranníocaíocht OIN faoi EUR 4 364,9 milliún i gcomparáid le DBL 1/2026.

Chun go n-urramófar prionsabal na cothromaíochta is infheidhme maidir le buiséad an Aontais Eorpaigh atá cumhdaithe in Airteagal 310(1) CFAE, ní mór an ráta aonfhoirmeach atá le cur i bhfeidhm ar shuim OIN na mBallstát uile a athríomh agus an t-ioncam eile ar fad á chur san áireamh.

Leagtar amach sa tábla seo a leanas na ranníocaíochtaí athbhreithnithe acmhainní dílse bunaithe ar OIN i bhfianaise an ráta aonfhoirmigh nua:

Bliain airgeadais 2026 (in EUR)

Ballstát	1 % den bhonn OIN a úsáidtear le haghaidh DBL 1/2026	Ráta aonfhoirmeach acmhainní dílse bunaithe ar OIN (in %) de réir DBL 1/2026	1 % de bhonn OIN (réamhaisnéis chomhaontaithe CCAD)	Ráta aonfhoirmeach acmhainní dílse bunaithe ar OIN (in %) de réir DBL 2/2026	Difríocht in OIN
	(1)	(2)	(3)	(4)	(5) = (3 x 4) - (1 x 2)
BE	6 614 962 000		6 721 470 000		181 461 482
BG	1 116 401 000		1 164 217 000		51 464 584
CZ	3 376 618 000		3 540 066 000		168 804 680
DK	4 457 407 000		4 315 707 000		- 26 802 157
DE	47 117 636 000		47 758 591 000		1 210 340 513
EE	428 026 000		433 485 000		10 741 077
IE	4 145 078 000		4 574 229 000		366 799 858
EL	2 547 929 000		2 563 473 000		52 100 311
ES	17 368 690 000		17 725 310 000		530 206 848
FR	31 241 384 000		31 081 619 000		394 152 340
HR	965 743 000		1 001 047 000		40 287 935
IT	23 055 104 000		23 154 238 000		442 439 474
CY	336 266 000	0,6821695	341 565 000	0,6983572	9 143 959
LV	430 155 000		449 313 000		20 342 336
LT	857 010 000		871 696 000		24 129 073
LU	609 823 000		637 947 000		29 512 214
HU	2 238 976 000		2 334 403 000		102 885 946
MT	221 079 000		231 745 000		11 027 433
NL	12 297 977 000		12 129 885 000		81 687 401
AT	5 090 841 000		5 290 218 000		221 645 240
PL	9 473 184 000		9 523 076 000		188 191 261

PT	3 073 087 000		3 164 702 000		113 726 127
RO	4 042 013 000		3 917 783 000		- 21 326 119
SI	730 451 000		737 741 000		16 915 328
SK	1 404 150 000		1 399 038 000		19 159 922
FI	2 966 604 000		2 908 364 000		7 350 100
SE	6 572 384 000		6 589 821 000		118 568 871
Iomlán	**192 778 978 000**		**194 560 749 000**		**4 364 956 037**

3. NUASHONRÚ AR MHÍREANNA CAITEACHAIS

3.1 Leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí don chomhtháthú agus don Chiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) a atreisiú

Léirigh na cláir chomhtháthaithe dul chun cinn láidir maidir le cur chun feidhme in 2025. Rinneadh an buiséad a vótáladh in 2025 a thomhailt ina iomláine, lena n-áirítear atreisiú EUR 2,7 billiún i mBuiséad Leasaitheach 3/2025. Chuir go leor Ballstát iarratais ar íocaíocht isteach a théann i bhfad níos faide ná an sprioc ‘n+ 3’ maidir le saoradh in 2025, rud a d’fhág go raibh riachtanais íocaíochta ann ar deireadh a sháraigh infhaighteachtaí an bhuiséid. Thairis sin, tháinig 32 % d’iomlán na n-iarratas ar íocaíocht (méid EUR 14,4 billiún), an leibhéal is airde riamh, sa 2 sheachtain dheireanacha den bhliain, rud a d’fhág go raibh riaráiste suntasach iarratas (EUR 18 mbilliún) ann a tugadh anonn agus a íocadh ó bhuiséad 2026.

Leis an riaráiste comhtháthaithe ó 2025, mar aon le luas luathaithe an chur chun feidhme, cuirtear buiséad 2026 faoi bhrú. Léirítear leis na treochtaí reatha maidir le cur chun feidhme ar an láthair (roghnaigh údaráis na gclár tionscadail lena gcumhdaítear 69 % d’imchlúdach an bheartais chomhtháthaithe cheana), chomh maith le réamhaisnéisí na mBallstát, go bhfuil buiséad 2026 a vótáladh á chur chun feidhme ina iomláine agus léiríonn siad go bhfuil gá le hatreisiú breise. Leis an atreisiú EUR 5,36 billiún atá beartaithe don bheartas comhtháthaithe atá sa dréachtbhuiséad leasaitheach seo cheana, maolaítear an riosca go n-imeoidh leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí as faoi dheireadh mhí Dheireadh Fómhair. Déanfar measúnú breise ar na riachtanais go dtí deireadh na bliana ag deireadh an tsamhraidh, bunaithe ar réamhaisnéisí na mBallstát atá le cur isteach faoi dheireadh mhí Iúil.

Maidir le Pleananna Straitéiseacha CBT 2023-2027 faoin gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT), rinne na Ballstáit athbhreithniú suas ar a réamhaisnéisí don bhliain. Léirítear leis an gcéad dá dhearbhú caiteachais a fuarthas go dtí seo le haghaidh 2026 ráta cruinnis feabhsaithe réamhaisnéisí na mBallstát freisin. Léirítear le luas brostaithe chur chun feidhme Phleananna Straitéiseacha CBT go bhfuil an bhearna á druidim sna chéad bhlianta den chlárthréimhse sin agus tréimhse níos giorra den chlárthréimhse (5 bliana). Léirítear leis an dlús atá curtha le forghníomhú na gclár go bhfuil tús áite á thabhairt ag na Ballstáit do chur chun feidhme Phleananna Straitéiseacha CBT, ós rud é go bhfuil céim an chlabhsúir bainte amach ag Cláir Forbartha Tuaithe 2014-2022. Dá bhrí sin, measann an Coimisiún go bhfuil gá le EUR 2,2 billiún breise i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí in 2026 sa bhreis ar an mbuiséad a vótáladh.

Seo a leanas an tionchar foriomlán ar chaiteachas:

EUR

Líne bhuiséid	**Ainm**	**Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas**	**Leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí**
Roinn III – An Coimisiún			

08 03 01 01	Cineálacha idirghabhálacha san fhorbairt tuaithe faoi Phleananna Straitéiseacha CBT	0	2 200 000 000
05 02 01	CFRE — Caiteachas oibríochtúil	0	3 376 800 000
05 03 01	An Ciste Comhtháthaithe (CC) — Caiteachas oibríochtúil	0	589 600 000
07 02 01	Sraith CSE+ faoi bhainistíocht roinnte – Caiteachas oibríochtúil	0	1 393 600 000
Iomlán		**0**	**7 560 000 000**

San am céanna, leanfaidh an Coimisiún d'fhaireachán a dhéanamh ar fud an bhuiséid. Tar éis an tsamhraidh, déanfaidh sé breithniú ar réamhaisnéisí nuashonraithe na mBallstát maidir leis an mbeartas comhtháthaithe agus CETFT (atá le soláthar faoi dheireadh mhí Iúil agus faoi dheireadh mhí Lúnasa faoi seach) agus ar chur chun feidhme iarbhír an bhuiséid. Mar chuid den chleachtadh um Ollaistriú, déanfaidh sé leithreasuithe buiséid a choigeartú ansin do na riachtanais nuashonraithe le haghaidh na gclár uile a bhféadfadh atreisiú breise leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí le haghaidh 2026 a bheith ag teastáil ina leith, go háirithe le haghaidh comhtháthaithe.

3.2 Atreisithe ar chaiteachas talmhaíochta

Tá dúshláin mhóra leachtachta roimh fheirmeoirí faoi láthair mar gheall ar ghéarchéim an Mheánoirthir, go háirithe mar gheall ar an tionchar diúltach atá aici ar chostais ionchuir talmhaíochta, mar atá, fuinneamh agus leasacháin. Tá géarghá le hearnáil na talmhaíochta a chobhsú agus slándáil bia agus cobhsaíocht an mhargaidh a áirithiú san Aontas trí aghaidh a thabhairt ar ghanntanais phráinneacha leachtachta i measc feirmeoirí.

Chun é sin a bhaint amach, is gá tacaíocht eisceachtúil spriocdhírithe a chur ar fáil do na feirmeoirí Eorpacha is mó atá buailte trí ionstraimí géarchéime atá ann cheana faoin gcomhbheartas talmhaíochta (CBT). Agus an méid sin á chur san áireamh, ghlac an Coimisiún Plean Gníomhaíochta um Leasacháin an 19 Bealtaine[12], inar léiríodh, i measc na ngníomhaíochtaí láithreacha chun feabhas a chur ar rochtain feirmeoirí ar leasacháin inacmhainne, togra atá ar na bacáin chun an cúlchiste talmhaíochta a mhéadú chun faoiseamh eisceachtúil tapa a chur ar fáil d'fheirmeoirí. I bhfianaise an mhéid atá ar fáil faoi láthair faoin gcúlchiste talmhaíochta le haghaidh 2026, iarrtar atreisiú EUR 300 milliún ón gcorrlach faoi fho-uasteorainn CERT faoi cheannteideal 3.

Thairis sin, mar a tharla i mblianta eile, áiríodh i mbuiséad CERT 2026 réamh-mheastachán ar mhéid an ioncaim shannta atá le bailiú in 2026, rud a laghdaíonn na leithreasuithe úra sa bhuiséad chun na riachtanais a chumhdach dá réir sin. Bhí an meastachán le haghaidh 2026 bunaithe ar réamhshonraí ag céim luath den phróiseas imréitigh comhréireachta. Leis na meastacháin athbhreithnithe, lena n-ionchorpraítear cinntí iarbhír maidir le himréiteach agus na féidearthachtaí fritháirimh le haghaidh 2026, léirítear anois leibhéal ioncaim shannta níos ísle ná mar a réamh-mheasadh ar dtús, rud a chruthaíonn bearna chun riachtanais CERT a chumhdach. Cumhdófar cuid den bhearna sin trí ath-leithdháileadh laistigh de CERT. Mar sin féin, chun an riosca go mbeadh easnamh leithreasuithe ann a sheachaint agus chun a áirithiú go ndéanfar caiteachas CERT leis na Ballstáit a aisíoc go tráthúil, iarrtar atreisiú EUR 140 milliún ón gcorrlach faoi fho-uasteorainn CERT faoi cheannteideal 3.

Seo a leanas an tionchar foriomlán ar chaiteachas:

EUR

Líne bhuiséid	**Ainm**	**Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas**	**Leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí**
Roinn III – An Coimisiún			
08 02 01	Cúlchiste Talmhaíochta	300 000 000	300 000 000
08 02 04 01	Tacaíocht Bhunúsach Ioncaim i dtaobh na hInbhuanaitheachta	140 000 000	140 000 000

[12] COM(2026) 310, 19.5.2026.

Iomlán	**440 000 000**	**440 000 000**

3.3 Poist agus creidmheasanna breise sa phlean bunaíochtale haghaidh na hIasachta Tacaíochta don Úcráin

An 14 Eanáir 2026, thíolaic an Coimisiún a thograí[13] le haghaidh Rialachán lena mbunaítear an Iasacht Tacaíochta don Úcráin, a ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle an 24 Feabhra 2026[14]. Tá cineál nua bainistíochta airgeadais, buiséadaí agus dlíthiúla i gceist leis an Iasacht Tacaíochta don Úcráin, a bunaíodh faoi chomhar feabhsaithe. In éineacht le méid agus cineál na leithreasuithe atá le bainistiú, tá gá le saineolas breise sna hArd-Stiúrthóireachtaí a bhfuil baint acu lena bhunú agus lena chur chun feidhme.

Faoin gCreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) atá ann faoi láthair, feidhmíonn an Coimisiún faoi phrionsabal na foirne cobhsaí. Mar sin féin, cuireadh roinnt cúraimí nua ar an gCoimisiún chun freagairt do thosaíochtaí nua, rud a d'fhág go bhfuil bearna shuntasach acmhainneachta ann. D'ainneoin iarrachtaí leanúnacha chun sineirgí agus éifeachtúlachtaí a aimsiú, tá an acmhainneacht chun cúraimí nua a dhéanamh faoi fhoireann chobhsaí tar éis a teorainneacha a bhaint amach. Dá bhrí sin, chun an togra sin a chur chun feidhme, tá gá le 53 phost don phlean bunaíochta, lena n-áirítear 41 phost de bhreis ar fhoireann chobhsaí. Tá sé sin ag teacht leis an Ráiteas Reachtach, Airgeadais agus Digiteach atá i gceangal leis an togra ón gCoimisiún, a ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle.

Leis na hacmhainní breise, beifear in ann an ionstraim nua a chur ar bun agus a bhainistiú go hiomchuí. Beidh cuid de na poist nua lonnaithe i dToscaireacht an Aontais chun na hÚcráine chun maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme na hionstraime nua ar an láthair. Iarrtar méid foriomlán EUR 3,2 milliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí i gceannteideal 7 (Riarachán Poiblí Eorpach) chun tuarastail agus liúntais na foirne breise sin a chumhdach, chomh maith leis na costais ghaolmhara nach mbaineann le tuarastal le haghaidh 2026, ag glacadh leis go mbeidh 6 mhí ar an meán i láthair in 2026.

In éineacht leis an méadú ar phoist bhunaíochta, tá gá le caiteachas tacaíochta breise freisin chun na hoibríochtaí iasachtaíochta a bhaineann leis an Iasacht Tacaíochta don Úcráin a riar. Cumhdófar an iasachtaíocht le haghaidh na hiasachta faoi chur chuige cistiúcháin aontaithe an Aontais, faoina n-eisíonn an Coimisiún bannaí an Aontais agus faoina leithdháileann sé na fáltais ar chomhthiomsú lárnach cistiúcháin, óna ndéanfar an Iasacht Tacaíochta don Úcráin a chistiú. Dá bhrí sin, iarrtar EUR 1 mhilliún san iomlán i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí i gceannteideal 2b freisin chun leibhéal méadaithe iasachtaíochta a cheadú chun na cistí is gá a thiomsú.

Seo a leanas an tionchar foriomlán ar chaiteachas:

EUR

Líne bhuiséid	**Ainm**	**Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas**	**Leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí**
Roinn III – An Coimisiún			
06 01 03	Caiteachas tacaíochta le haghaidh gníomhaíochtaí iasachtaíochta agus bainistíochta fiachais de chuid an Aontais Eorpaigh	1 000 000	1 000 000
20 01 02 01	Luach saothair agus liúntais — Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíochta	1 864 000	1 864 000

13 COM(2026) 20, 14.1.2026.

14 Rialachán (AE) 2026/467 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Feabhra 2026 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú na hIasachta Tacaíochta don Úcráin le haghaidh 2026 agus 2027 (IO L, 26.2.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2026/467/oj

20 01 02 02	Speansais agus liúntais a bhaineann le hearcú, aistrithe agus foirceannadh seirbhíse — Ceanncheathrú agus oifigí Ionadaíochta	551 000	551 000
20 01 02 03	Luach saothair agus liúntais — Toscaireachtaí an Aontais	510 000	510 000
20 01 05 01	Seirbhís leighis	1 000	1 000
20 03 05 01	Fáil, cíos agus caiteachas lena mbaineann	239 000	239 000
Iomlán		**4 165 000**	**4 165 000**

Leagtar an plean bunaíochta nuashonraithe amach san iarscríbhinn bhuiséadach.

3.4 Aistrithe ó EEA chuig clár LIFE

Tá an chaibidlíocht maidir leis an togra le haghaidh Treoir maidir le Maímh Ghlasa[15] ina stad, agus níltear ag súil le haon chomhaontú in 2026. Dá bhrí sin, is féidir na hacmhainní airgeadais a bhí beartaithe le haghaidh chur chun feidhme na gcúraimí ábhartha ag an nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil – EUR 432 172 san iomlán i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí araon – a thabhairt ar ais do chlár LIFE, ónar fritháiríodh na leithreasuithe sin ar dtús. Ar an gcaoi chéanna, níl gá a thuilleadh le post bunaíochta amháin ná le post mar ghníomhaire ar conradh amháin chun na críche sin.

Ina theannta sin, cuireadh an togra ón gCoimisiún maidir le faireachán ar fhoraoisí Eorpacha[16] san áireamh i liosta na dtionscnamh a tarraingíodh siar atá ar feitheamh sa Teachtaireacht maidir le clár oibre 2026 an Choimisiúin – Tráth Neamhspleáchais na hEorpa[17]. Dá bhrí sin, déanfar na hacmhainní airgeadais a bhí beartaithe le haghaidh chur chun feidhme na gcúraimí ábhartha ag an nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil – EUR 1,1 milliún san iomlán i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí araon – a chur ar ais chuig línte buiséid chlár LIFE ónar fritháiríodh na méideanna ar dtús. Ar an gcaoi chéanna, níl gá a thuilleadh le dhá phost bunaíochta agus le gníomhaire amháin ar conradh chun na críche sin.

Seo a leanas an tionchar foriomlán ar chaiteachas:

EUR

Líne bhuiséid	**Ainm**	**Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas**	**Leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí**
Roinn III – An Coimisiún			
30 02 02	Leithreasuithe difreáilte (Cúlchiste d'airteagal buiséid 09 10 02)	- 1 537 273	- 1 537 273
09 02 01	An dúlra agus an bhithéagsúlacht	552 550	552 550
09 02 02	Geilleagar ciorclach agus cáilíocht saoil	432 172	432 172
09 02 03	Maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú sin	552 551	552 551
Iomlán		**0**	**0**

Leagtar an plean bunaíochta nuashonraithe amach san iarscríbhinn bhuiséadach.

3.5 Athrú ar na barúlacha buiséadacha le haghaidh Líne 02 02 02 (Ráthaíocht AE – ón gCiste InvestEU – Soláthar an chiste don soláthar coiteann)

Faoi Rialachán Omnibus II maidir le InvestEU[18], is féidir leis na Ballstáit cistí ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (STA) a ranníoc anois le hionstraim airgeadais InvestEU. Is ranníocaíochtaí

15 COM(2023)166 final, 22.3.2023

16 COM(2023)728 final, 22.11.2023

17 COM(2025)870 final, 21.10.2025

18 Rialachán (AE) 2025/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2025 lena leasaítear Rialacháin (AE) 2015/1017, (AE) 2021/523, (AE) 2021/695 agus (AE) 2021/1153 a mhéid a bhaineann le

díreacha in airgead thirim ó na Ballstáit le comhpháirtithe cur chun feidhme iad na cistí sin, arb é an réiteach is iomchuí ina leith na hioncaim shannta sheachtracha sin a thaifeadadh faoi líne bhuiséid 02 02 02. Chun an t-athrú sin a léiriú agus chun freastal ar iarrataí comhchosúla amach anseo, tá sé beartaithe na barúlacha buiséadacha i mBuiséad 2026 le haghaidh líne 02 02 02 a leasú mar a leanas:

Líne 02 02 02 – Ráthaíocht AE – ón gCiste InvestEU – Soláthar an chiste don soláthar coiteann

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar an soláthar don ráthaíocht AE is gá go príomha chun na glaonna ráthaíochta a chumhdach agus costais eile a bhaineann leis an ráthaíocht AE ón gCiste InvestEU a chur chun feidhme.

Thairis sin, fuarthas ranníocaíochtaí ó chúig Bhallstát (an Rómáin, an Ghréig, an Fhionlainn, an Bhulgáir agus Málta) agus ón Iorua agus ón Íoslainn in 2022, 2023 agus 2024 mar ranníocaíochtaí breise bliantúla ó na Ballstáit agus ó Stáit CSTE trí na leithreasuithe comhfhreagracha faoin airteagal seo a mhéadú.

Tar éis Rialachán Omnibus II maidir le InvestEU, táthar ag súil le ranníocaíochtaí breise ón Iodáil agus ón Rómáin, a bheidh ina n-ioncam sannta seachtrach. Ní bheidh na cistí sin mar chuid de ráthaíocht InvestEU ach cuirfear ar iontaoibh chomhpháirtithe cur chun feidhme ábhartha InvestEU iad agus úsáidfear iad mar ionstraim airgeadais faoi InvestEU.

4. MAOINIÚ

Ar an iomlán, is é méadú EUR 444,2 milliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus EUR 8 004,2 milliún i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí tionchar glan DBL 2/2026 ar chaiteachas. Tá sé beartaithe an ghné ioncaim den bhuiséad a choigeartú mar a leagtar amach in DBL 2/2026.

Ós rud é nach bhfuil corrlaigh ná spás le haghaidh ath-leithdháileadh ann faoi fho-cheannteideal 2b, molann an Coimisiún an Ionstraim Sholúbthachta a shlógadh i gcomhréir le hAirteagal 12 de Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093[19] le haghaidh méid EUR 1 mhilliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí le haghaidh fho-cheannteideal 2b, chun an líne bhuiséid le haghaidh caiteachas tacaíochta le haghaidh gníomhaíochtaí iasachtaíochta agus bainistithe fiachais a atreisiú.

Ar an gcaoi chéanna, ós rud é nach bhfuil corrlaigh ná spás le haghaidh ath-leithdháileadh ann faoi cheannteideal 7, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún an Ionstraim Corrlaigh Aonair a shlógadh i gcomhréir le hAirteagal 11 de Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093[20] le haghaidh méid EUR 3,165 milliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas le haghaidh cheannteideal 7.

Meastar gurb é EUR 2 286,0 milliún atá i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí 2026 a bhaineann le slógadh na hIonstraime Solúbthachta sna blianta 2023 go 2026. Tá sceideal íocaíochta measta na méideanna gaolmhara gan íoc le haghaidh na mblianta sin sonraithe sa tábla seo a leanas:

An Ionstraim Sholúbthachta - próifíl íocaíochta (i milliúin EUR)				
Bliain slógtha	**2026**	**2027**	**I ndiaidh CAI 2021-2027**	**Iomlán**
2023	83,2	0,0	0,0	**83,2**
2024	83,7	46,3	0,0	**129,9**
2025	15,8	9,4	5,7	**30,9**

héifeachtúlacht ráthaíocht AE a mhéadú faoi Rialachán (AE) 2021/523 agus ceanglais tuairiscithe a shimpliú (IO L, 2025/2005, 23.12.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2025/2005/oj).

19 Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil le haghaidh na mblianta 2021 go 2027 (IO L 433I, 22.12.2020, lch. 11, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2020/2093/oj).

20 *Ibid.*

2026	2 038,7	1,7	1,6	**2 041,9**
Iomlán	**2 221,4**	**57**,3	**7,2**	**2 286,0**

5. TÁBLA ACHOMAIR DE RÉIR CHEANNTEIDEAL CAI

In EUR

		Buiséad 2026 (lena n-áirítear DBL 1/2026)		Dréachtbhuiséad Leasaitheach 2/2026		Buiséad 2026 (lena n-áirítear DBLanna 1-2/2026)	
		LfcG	**LfcÍ**	**LfcG**	**LfcÍ**	**LfcG**	**LfcÍ**
1	**An Margadh Aonair, Nuálaíocht agus Cúrsaí Digiteacha**	**22 162 993 197**	**23 336 627 126**			**22 162 993 197**	**23 336 627 126**
	Uasteorainn	*22 210 000 000*				*22 210 000 000*	
	Corrlach	*47 006 803*				*47 006 803*	
2	**Comhtháthú, Athléimneacht agus Luachanna**	**71 649 838 425**	**73 166 657 166**	**1 000 000**	**5 361 000 000**	**71 650 838 425**	**78 527 657 166**
	Uasteorainn	*67 523 000 000*				*67 523 000 000*	
	Agus de sin, faoin Ionstraim Sholúbthachta	*2 014 115 425*		*1 000 000*	*1 000 000*	*2 015 115 425*	
	Agus de sin, faoi Ionstraim EURI	*2 112 723 000*				*2 112 723 000*	
	Corrlach						
2a.	Comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach	56 594 001 997	58 298 110 625		5 360 000 000	56 594 001 997	63 658 110 625
	Uasteorainn	*56 593 000 000*				*56 593 000 000*	
	Agus de sin, faoin Ionstraim Sholúbthachta	*1 001 997*				*1 001 997*	
	Corrlach						
2b.	Athléimneacht agus luachanna	15 055 836 428	14 868 546 541	1 000 000	1 000 000	15 056 836 428	14 869 546 541
	Uasteorainn	*10 930 000 000*				*10 930 000 000*	
	Agus de sin, faoin Ionstraim Sholúbthachta	*2 013 113 428*		*1 000 000*	*1 000 000*	*2 014 113 428*	
	Agus de sin, faoi Ionstraim EURI	*2 112 723 000*				*2 112 723 000*	
	Corrlach						
3	**Acmhainní Nádúrtha agus an Comhshaol**	**56 529 415 080**	**52 577 345 231**	**440 000 000**	**2 640 000 000**	**56 969 415 080**	**55 217 345 231**
	Uasteorainn	*57 100 000 000*				*57 100 000 000*	
	Corrlach	*570 584 920*		*-440 000 000*		*130 584 920*	
	Agus de sin: Caiteachas a bhaineann leis an margadh agus íocaíochtaí díreacha	**40 011 259 481**	**39 958 066 815**	**440 000 000**	**440 000 000**	**40 451 259 481**	**40 398 066 815**
	Fo-uasteorainn CERT	*41 764 000 000*				*41 764 000 000*	
	Difríocht an tslánaithe arna eisiamh chun an fochorrlach a ríomh	*773 000*				*773 000*	
	Glanaistrithe idir CERT agus CETFT	*-1 222 773 000*				*-1 222 773 000*	
	An t-iarmhéid glan atá ar fáil le haghaidh chaiteachas CERT (fo-uasteorainn arna ceartú le haistrithe idir CERT agus CETFT)	*40 542 000 000*				*40 542 000 000*	
	Fochorrlach CERT	*529 967 519*		*-440 000 000*		*89 967 519*	
4	**Imirce agus Bainistiú Teorainneacha**	**5 018 866 515**	**3 887 896 129**			**5 018 866 515**	**3 887 896 129**
	Uasteorainn	*5 103 000 000*				*5 103 000 000*	
	Corrlach	*84 133 485*				*84 133 485*	

5	**Slándáil agus Cosaint**	**2 813 506 939**	**2 253 300 408**			**2 813 506 939**	**2 253 300 408**
	Uasteorainn	*2 810 000 000*				*2 810 000 000*	
	Agus de sin, faoin Ionstraim Sholúbthachta	*3 506 939*				*3 506 939*	
	Corrlach						
6	**An Chomharsanacht agus an Domhan**	**15 600 020 092**	**16 569 670 072**			**15 600 020 092**	**16 569 670 072**
	Uasteorainn	*15 614 000 000*				*15 614 000 000*	
	Corrlach	*13 979 908*				*13 979 908*	
7	**Riarachán Poiblí Eorpach**	**13 277 510 287**	**13 277 510 287**	**3 165 000**	**3 165 000**	**13 280 675 287**	**13 280 675 287**
	Uasteorainn	*12 506 000 000*				*12 506 000 000*	
	Agus de sin, faoin Ionstraim Sholúbthachta	*23 306 848*				*23 306 848*	
	Agus de sin, faoin Ionstraim Corrlaigh Aonair 11(1)(a)	*748 203 439*		*3 165 000*		*751 368 439*	
	Corrlach						
	agus de sin: Caiteachas riaracháin na n-institiúidí	**9 999 745 735**	**9 999 745 735**	**3 165 000**	**3 165 000**	**10 002 910 735**	**10 002 910 735**
	Fo-uasteorainn	*9 464 000 000*				*9 464 000 000*	
	Agus de sin, faoin Ionstraim Corrlaigh Aonair 11(1)(a)	*535 745 735*		*3 165 000*		*538 910 735*	
	Fochorrlach						
	Leithreasuithe le haghaidh ceannteideal	**187 052 150 535**	**185 069 006 419**	**444 165 000**	**8 004 165 000**	**187 496 315 535**	**193 073 171 419**
	Uasteorainn	***182 866 000 000***	***201 170 000 000***			***182 866 000 000***	***201 170 000 000***
	Agus de sin, faoin Ionstraim Sholúbthachta	***2 040 929 212***	***2 220 417 865***	***1 000 000***	***1 000 000***	***2 041 929 212***	***2 221 417 865***
	Agus de sin, faoin Ionstraim Corrlaigh Aonair 11(1)(a)	***748 203 439***		***3 165 000***		***751 368 439***	
	Agus de sin, faoi Ionstraim EURI	***2 112 723 000***	***2 112 723 000***			***2 112 723 000***	***2 112 723 000***
	Corrlach	***715 705 116***	***20 434 134 446***	***-440 000 000***	***-8 003 165 000***	***275 705 116***	***12 430 969 446***
	Ionstraimí speisialta téamacha	**5 715 921 020**	**5 022 549 248**			**5 715 921 020**	**5 022 549 248**
	Iomlán na leithreasuithe	**192 768 071 555**	**190 091 555 667**	**444 165 000**	**8 004 165 000**	**193 212 236 555**	**198 095 720 667**